**Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 7 Márta 2023 – X v Staatssecretaris van Financiën**

**(Cás C-137/23, Alsen** [1]**)**

(2023/C 235/11)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Hoge Raad der Nederlanden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* X

*Freagróir ar phointe dlí:* Staatssecretaris van Financiën

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcaithfear Airteagal 14(1)(c) de Threoir 2003/96/CE [2] a léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag an díolúine chánach a leagtar síos san fhoráil sin maidir le táirgí fuinnimh is eol a úsáidtear chun soithí a thiomáint le linn uiscebhealaí intíre an Aontais Eorpaigh a sheoladh, fiú i gcás nach bhfuil sna táirgí fuinnimh sin (ola gháis sa chás seo), le linn na húsáide sin, an t-íosmhéid is gá d'inneachar an mharcóra Solvent Yellow 124, mura bhfuil tásc amháin nó níos mó ag na húdaráis chánach go bhfuil baint ag úinéir nó oibreoir an tsoithigh nó ag a ionadaí ar bord na loinge (an máistir báid) le himghabháil, seachaint nó mí-úsáid máil maidir leis an ola gháis atá á choinneáil?

2. Más freagra diúltach a thugtar ar Cheist 1, an gcaithfear Airteagal 7(2) de Threoir 2008/118/CE [3] a léiriú sa chaoi, i gcás ina suífear nach bhfuil in umar buncair de shoitheach uiscebhealaí intíre ach amháin ola gháis de thionscnamh soláthróir breosla a d'fhéadfaidh, le húdarú na n-údarás cánach, an ola gháis sin a scaoileadh lena tomhailt díolmhaithe ó dhleacht máil, go gciallaíonn an fíoras amháin nach bhfuil san ola gháis an t-íosmhéid is gá d'inneachar an mharcóra Solvent Yellow 124 nach raibh an dleacht mháil inmhuirir ach amháin go dtí tráth an scaoilte níos túisce lena tomhailt ar bhunús Airteagal 7(2)(a) den Treoir sin?

3. Más freagra diúltach a thugtar ar Cheist 2 agus má tá, dá bhrí sin, feidhm ag Airteagal 7(2)(b) de Threoir 2008/118/CE freisin sa chás dá dtagraítear inti, an gcuirtear, le prionsabal na comhréireachta de dhlí an Aontais Eorpaigh, cosc ar dhleacht mháil atá inmhuirir de bhun Airteagal 7(2)(b) de Threoir 2008/118/CE a thobhach ar an máistir báid a bhfuil na hearraí máil á gcoinneáil aige, i gcomhréir le hAirteagal 8(1)(b) den Treoir sin, fiú mura raibh aon chúis ag an duine sin le bheith amhrasach go raibh an ola gháis á soláthar díolmhaithe ó dhleacht mháil de réir dhlí an Aontais Eorpaigh agus an dlí náisiúnta?

4. An bhfuil sé ábhartha don fhreagra ar Cheist 3 nach gcomhlíonann an máistir báid a dhualgais mar chuid de chaidreamh fostaíochta ach gurb éúinéir an tsoithigh freisin?

---

(1) Is ainm bréagach atá ar an gcás seo agus ní fhreagraíonn sé d'ainm iarbhír aon pháirtí sna himeachtaí.
(2) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO 2003 L 283, lch. 51).
(3) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO 2009 L 9, lch. 12).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Ravensburg (an Ghearmáin) a taisceadh an 9 Márta 2023 – TJ, KI, FA v Mercedes-Benz Bank AG, Volkswagen Bank GmbH**

**(Cás C-143/23, Mercedes-Benz Bank agus Volkswagen Bank)**

(2023/C 235/12)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Ravensburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* TJ, KI, FA

*Cosantóirí:* Mercedes-Benz Bank AG, Volkswagen Bank GmbH

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 14(1) de Threoir 2008/48/CE ([1]), más rud é, i gcás tarraingt siar ó chonradh creidmheasa tomhaltóra atá ceangailte le conradh ceannaigh gluaisteáin a cuireadh i gcrích le trádálaí ar láthair, go ríomhtar méid an chúitimh as dímheas an ghluaisteáin mhaoinithe atá le híoc ag an tomhaltóir leis an gcreidiúnaí ar thabhairt ar ais an ghluaisteáin mhaoinithe tríd an bpraghas dár cheannaigh an trádálaí an gluaisteán ar a thabhairt ar ais a bhaint ón bpraghas ar a dhíol an trádálaí an gluaisteán tráth a cheannaigh an tomhaltóir é?

2. An bhfuil an riail a leagtar síos sa chéad abairt d'Airteagal 14(3)(b) de Threoir 2008/48 maidir le conarthaí creidmheasa tomhaltóra, atá ceangailte le conradh ceannaigh gluaisteáin, comhchuibhithe go hiomlán agus, dá bhrí sin, ceangailteach sna Ballstáit?

   I gcás ina dtabharfar freagra diúltach ar Cheist 2:

3. An bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe le hAirteagal 14(1) de Threoir 2008/48, i gcás ina bhfuil ar an iasachtaí, i ndiaidh aistarraingt ó chonradh creidmheasa tomhaltóra, atá ceangailte le conradh ceannaigh gluaisteáin, ús a comhaontaíodh sa chonradh a íoc don tréimhse idir íocaíocht na hiasachta le díoltóir an ghluaisteáin mhaoinithe agus an tráth a thugtar an gluaisteán ar ais don chreidiúnaí (nó don díoltóir)?

([1]) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO 2008 L 133, lch. 66).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Raad van State (an Ísiltír) a taisceadh an 15 Márta 2023 – T.G. v Minister van Sociale Zaken en Werkelegenheid**

**(Cás C-158/23, Keren** ([1])**)**

(2023/C 235/13)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Raad van State

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* T.G.

*Freagróir:* Minister van Sociale Zaken en Werkgelegenheid

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An gcaithfear Airteagal 34 den Treoir maidir le Cáiliú ([2]) a léiriú sa hcaoi go gcuirtear cosc ar riail náisiúnta amhail an riail a leagtar síos in Airteagal 7b den Wet inburgering (Dlí maidir le lánpháirtíocht shibhialta), lena gcuirtear sealbhóirí stádais tearmainn faoin oibleagáid, faoi phian fhíneála, chun pas a fháil i scrúdú lánpháirtíochta sibhialta?

2. An gcaithfear Airteagal 34 den Treoir maidir le Cáiliú a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar riail náisiúnta lena bhforáiltear, i bprionsabal, go n-íocfaidh sealbhóirí stádais tearmainn iad féin costais iomlána na gclár lánpháirtíochta?

3. Agus an dara ceist á freagairt, an bhfuil sé tábhachtach gur féidir le sealbhóirí stádais tearmainn iasacht rialtais a fháil chun costais na gclár lánpháirtíochta a íoc agus go dtarscaoilfear an iasacht sin má éiríonn leo sa scrúdú lánpháirtíochta sibhialta in am trátha nó má tá siad díolmhaithe ón oibleagáid lánpháirtíochta nó má scaoiltear uaithi iad in am trátha?